SCIENCE BLAST
DELIVERED BY THE RDS

# CREAT FIOSRÚCHÁIN:
## Treoir Bhreise **ar an 6 CHÉIM** do Mhúinteoirí

## 1 Cad í do cheist ranga?

Is í an chéad chéim thábhachtach “ceist imscrúdaithe” a chruthú.

Uaireanta bíonn imní ar mhúinteoirí ó thaobh teacht ar imscrúdú a “oibreoidh”

nó a bheidh “sách maith” le cur i láthair mholtóirí BLEAIST EOLAÍOCHTA BSL.

Ní féidir linn dóthain béime a chur ar seo: is é an turas foghlama is tábhachtaí, agus ní an

ceann scríbe. Tá an próiseas moltóireachta neamhiomaíoch agus tugann sé deis do na páistí an méid a d’aimsigh siad a chur i láthair. Tá na Moltóirí ag iarraidh comhairle bhreise a thabhairt agus a ndíograis i leith fhoghlaim STEM a chur in iúl.

**Ag tabhairt faoi BLEAIST EOLAÍOCHTA BSL den chéad uair? Tá dhá phíosa thábhachtacha comhairle againn chun cuidiú leat tús a chur le ceist a aimsiú...**

**Comhairle 1:** Cuir tú féin ar an eolas maidir leis na haidhmeanna lárnacha oideachais atá ag BLEAIST EOLAÍOCHTA BSL.

**Comhairle 2:** Bain úsáid as na teimpléid do phleananna ceachta mar threoir chun imscrúduithe rathúla a fhorbairt.

**Cad iad na sainmharcanna atá ag ceist imscrúdaithe mhaith de chuid BLEAIST EOLAÍOCHTA BSL?**

Thug muid faoi deara go dtagann na ceisteanna imscrúdaithe is fearr ó smaointe a mhol na gasúir. Féadfaidh múinteoirí téama áirithe a mholadh ach iarracht a dhéanamh gan an cheist a phiocadh don rang. Bainfear amach na torthaí foghlama agus na leibhéil rannpháirtíochta is fearr trí smaointe agus spéiseanna na ngasúr a chur chun cinn. Má tá tú ag tabhairt faoi d’imscrúduithe eolaíochta féin a chruthú den chéad uair, lean na gníomhaíochtaí a mholtar sa teimpléad do phleananna ceachta chun cabhrú leat muinín a mhéadú agus cur chuige a fhorbairt a oibreoidh duitse.

Nuair a shocraíonn do rang ar cheist, glac leis go dtiocfaidh forbairt uirthi le linn an imscrúdaithe! B’fhéidir go dtiocfaidh tú ar theorainneacha nach raibh súil agat leo, nó d’fhéadfadh réimsí spéise nua teacht chun cinn. Is cuid shláintiúil den phróiseas í seo a bhfuiltear ag súil leis. Má thagann tú ar cheist a mhúsclaíonn samhlaíocht do ranga agus a bhfuil an cumas ann í a fhiosrú trí GHNÍOMHAÍOCHTAÍ SÁBHÁILTE, tá tús curtha agat le tionscadal iontach BLEAIST EOLAÍOCHTA BSL!

## 2 Cad é tuar an ranga?

Nuair a bhíonn tuar eolaíochta á dhéanamh ag leanaí ba chóir duit iad a spreagadh chun a léiriú CAD a cheapann siad a mbeidh mar fhreagra ar an gceist agus CÉN FÁTH a gceapann said sin.

Taispeánann taighde go bhfuil go leor smaointe ag leanaí cheana féin (nach smaointe eolaíochta iad i gcónaí) faoin gcaoi a n-oibríonn an domhan agus gur féidir le foghlaim, ó thaobh na heolaíochta de, a bheith i bhfad níos éifeachtaí más féidir leat na smaointe sin a thabhairt amach go luath. Leagfar bunchloch na hoibre do na chéad céimeanna eile trí tuartha a phlé nó scríobh futhu ar an mbealach seo. **D’fhéadfá raon iomlán tuartha éagsúla a aimsiú taobh istigh d’aon rang amháin.** Ceart go leor!

Tá luach oideachais ag tuar freisin mar déanann sé aithris ar an méid a dhéanann eolaithe i ndáiríre. I dtaighde eolaíoch cruthaíonn ceist tosaigh suim san 'hipitéis intástáilte' go tapa. Is é sin le rá gur minic a dhéanann eolaithe a gcuid imscrúduithe a leagan amach de réir míniú féideartha ar an bhfadhb a bhfuil siad ag obair uirthi. Is gné caolchúiseach ach tábhachtach é den chaoi a n-oibríonn eolaithe.

# CREAT FIOSRÚCHÁIN: Treoir Bhreise

## 3 Conas a mbaileoidh an rang fianaise chun do cheist a fhreagairt?



Má lean tú an chomhairle sa phlean ceachta beidh go leor smaointe curtha ar fáil cheana féin ag do rang maidir le CONAS do cheist a fhreagairt. Baineann an chéim seo le barr feabhais a chur ar phleananna a chruthaíonn gníomhaíochtaí, turgnaimh nó suirbhéanna a bheidh na páistí ábalta a dhéanamh. Ná bíodh drogall ort smaointe tuismitheoirí agus cúramóirí a iarraidh agus is féidir go leor smaointe a fháil ar YouTube, Google agus na hacmhainní a mholtar ar shuíomh idirlín BLEAIST EOLAÍOCHTA BSL.

Ní chiallaíonn 'imscrúdú ranga iomláin' go gcaithfidh gach duine sa rang a bheith ag déanamh na gníomhaíochta céanna ag an am céanna, ar an mbealach céanna. Má cheapann tú go bhfuil sé indéanta d'fhéadfá grúpaí éagsúla a chur ag obair ar smaointe éagsúla nó ar chodanna éagsúla den imscrúdú. Is é an rud is tábhachtaí go dtugann an rang iomlán an fhianaise sin go léir le chéile.

**Dá mhéad fianaise a bhailíonn tú ó fhoinsí éagsúla, is amhlaidh is fearr é!!**

Is minic a bhíonn imní ar mhúinteoirí go mb'fhéidir nach n-oibreoidh turgnaimh mar a bhí beartaithe. Dar leis na moltóirí nach iad na tionscadail is fearr i gcónaí na cinn nach mbíonn aon deacrachtaí acu. Uaireanta tarlaíonn sé gur cur amú ama a bhí san imscrúdú nó d'fhéadfadh sé fadhbanna a chruthú nach raibh aon duine ag súil leo. Is fearr féachaint orthu seo mar deis chun fadhbanna a réiteach agus a athdhearadh, seachas tubaiste. Sin eolaíocht mhaith!

## 4 Conas a eagróidh an rang faisnéis?



Braithfidh an chaoi a gcuirfidh tú do chuid faisnéise i láthair go mór ar an obair atá ar siúl. agat. B'fhéidir go mbeadh tomhais ó thurgnamh nó torthaí suirbhé le heagrú agat.

Ba chóir na sonraí go léir a thabhairt le chéile i dtáblaí agus ansin is féidir plé a dhéanamh ar na cineálacha graf simplí nó píchairteacha a d'fhéadfaí a chruthú astu.

Ní bheidh gá le graif le gach imscrúdú agus is féidir cuid den tuairimíocht a thaifeadadh ar fhíseán, le grianghraif nó trí thaifeadtaí fuaime.

## 5 Cad a chiallaíonn na torthaí?



Is pointe é seo sa turas ina ndéanann do rang machnamh an bhfuil dóthain fianaise bailithe ag an imscrúdú chun do cheist a fhreagairt. Agus athbhreithniú á dhéanamh agat ar na sonraí a bhailigh tú b'fhéidir go bhfeicfeá bealaí nua le hiniúchadh a dhéanamh nó bealaí chun do thurgnaimh a bheachtú chun pictiúr níos soiléire a thabhairt.

## 6 Conas ar féidir leat do chuid faisnéise go léir a chur le chéile chun do cheistranga a fhreagairt?



Chun an leas is fearr a bhaint as eispéireas BLEAIST EOLAÍOCHTA BSL, ná fág an tábhacht a bhaineann leis an gcéim dheireanach seo ar lár. Ag an bpointe seo, is féidir le do rang a gcuid torthaí a chur i gcomparáid lena gcuid tuartha. Tá sé tábhachtach freisin gasúir a spreagadh chun na ceachtanna atá foghlamtha acu a chur in iúl, agus an cheist a chur; "Dá ndéanfá é seo arís, cad a dhéanfá ar bhealach difriúil? "